



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/750 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Feabhra 2024

maidir le húdarú támataine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 869/2012

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 869/2012 ón gCoimisiún, údaraíodh támatain ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ⁽²⁾.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú támataine mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ina n-iarrtar go n-aicmeofaí an breiseán beathaithe i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaistithe'. Áiríodh san iarratas togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú. Is éard a bhí ann modhnú ar na sonraíochtaí maidir le nítrigin agus próitéin sa bhreiseán, chun iad a ailíniú leis na sonraíochtaí maidir le támatain nuair a úsáidtear í mar bhreiseán bia (nach lú ná 15.1 % an cion nítrigine (N) ar an mbonn triomaithe agus nach lú ná 93 % an cion próitéine). Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 11 Bealtaine 2023 ⁽³⁾ go bhfuil támatain fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaoil faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Go háirithe, tháinig sé ar an gconclúid nach gcuirfeadh an modhnú atá beartaithe ar shonraíochtaí an bhreiseáin aon ghuaire leo siúd a ndearnadh measúnú orthu cheana agus ní mheastar go bhfuil tionchar aige ar éifeachtúlacht na substainte. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur dócha go nochtfaí úsáideoirí do tháimatain tríd an ionanálú agus, mar gheall ar a nádúr próitéineach, go meastar gur íogróir riospráide í támatain. De réir an Údaráis, ní greannaitheoir craiceann ná súl í támatain. In éagmais sonraí, ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir le hacmhainneacht támataine a bheith ina cúis le híogru deirmeach.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar tháimatain mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 869/2012 ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2012 maidir le támatain a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 257, 25.9.2012, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/869/oj).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(6):8077.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail a bhaineann le hiarratais ar údaruithe breiseán beatha (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann támaraín na coinníollacha, dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.
- (7) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun rialú níos fearr a cheadú. Go háirithe, ba cheart uaschion molta a shonrú ar lipéad an bhreiseáin. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.
- (8) Mar thoradh ar údarú támaraíne mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 869/2012 a aisghairm.
- (9) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar choinníollacha maidir le húdarú támaraíne le haghaidh gach speicis ainmhíoch a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaráithe a chomhlíonadh.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaráithe

Maidir le húdarú an bhreiseáin a shonraítear san Iarscríbhinn, ar breiseán é a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 869/2012 a aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 869/2012.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 21 Meán Fómhair 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 21 Márta 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 21 Márta 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 21 Márta 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh 21 Márta 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 21 Márta 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: comhdhúile blaistithe								
2b957i	Támatain	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Támatain <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Na próitéiní támatain I agus támatain II a eastósctar as arail an toraidh <i>Thaumatococcus daniellii</i> (Benth) Einecs: 258-822-2 Uimhir CAS: 53850-34-3 <i>Sonraíochtaí</i> Foirmle cheimiceach: Polaipeiptíd maidir le 207 n-aimínaigéad Mais mhóilíneach choibhneasta: Támatain I: 22209, Támatain II: 22293 Measúnacht: íoschion nítrigine 15.1 % ar an mbonn triomaithe atá coibhéiseach le cion próitéine nach lú ná 93 % Íonacht: — Carbaihiodráití: cion nach mó ná 3 % arna shloinneadh ar bhonn meáchan tirim — Luaith shulfáitithe: cion nach mó ná 2 % arna shloinneadh ar bhonn meáchan tirim	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Sna teoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: ‘Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 5 mg’ 3. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 2 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.	an 21 Márta 2034

		— Alúmanam: cion nach mó ná 100 mg/kg arna shloinneadh ar bhonn meáchan tirim <i>Modh Anailíse ⁽¹⁾</i> Maidir le támatain a shainaithint sa bhreiseán beathaithe: Cion nítrigine sa bhreiseán bia. Modh Kjeldahl (JECFA Monograph on Thaumatín. 2006. Thaumatín. Specification Monograph).					4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh anáilaithe pearsanta agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
--	--	--	--	--	--	--	---	--

⁽¹⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en